

Beatha Teanga



Ról na

dTuismitheoirí

Roinnt spreagcheistean: **Ról na dTuismitheoirí**

Cén ról a shíleann tú ar cheart a bheith ag tuismitheoirí i gcur chun cinn na Gaeilge mar theanga an tsóisialaithe sa scoil – eatarthu féin agus iad ag plé le daltaí?

Cad iad na dúshláin a bhaineann le labhairt na Gaeilge i measc na dtuismitheoirí faoi láthair?

An dtuigeann tuismitheoirí fíís na scoile i leith labhairt na Gaeilge?

Cén meon atá ag tuismitheoirí i leith labhairt na Gaeilge – 1) labhairt na Gaeilge idir daltaí go sóisialta agus 2) labhairt na Gaeilge ina measc féin?

An mbraitheann tuismitheoirí go gcaithfidh siad a bheith líofa sa teanga le húinéireacht a bheith acu uirthi?

An fíor go bhfuil líofacht riachtanach chun ról a bheith agat i gcur chun cinn na teanga sa scoil? Cén chaoi ar féidir dul i ngleic leis an meon seo go dearfach?

Cad is féidir le tuismitheoirí a dhéanamh chun an Gaeilge mar theanga an tsóisialaithe a spreagadh 1) ina measc féin, 2) le daltaí ar láthair na scoile?

Cé a ghlacann freagracht as an ngné seo de Pholasáí Labhairt na Gaeilge?

An bhfuil tuismitheoirí sásta ról gníomhach a ghlacadh ag spreagadh labhairt na Gaeilge 1) ina measc féin, 2) le daltaí ar láthair na scoile?

Roinnt spreagsmaointe: **Ról na dTuismitheoirí**

5


Nósanna a chruthú sa teaghlach roinnt Gaeilge a úsáid taobh amuigh den teach m.sh beannachtaí / buíochas a ghabháil i siopaí chun ardú stádais a thabhairt don Ghaeilge.

1

Tá tacaíocht na dtuismitheoirí ag teastáil go géar chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga chumarsáide na scoile agus chun a bheith ina ndea-shampla dá gcuid páistí agus do dhaltai eile na scoile.

2

Moltar go dtabharfaidh Coiste na dTuismitheoirí deis do Choiste na Gaeilge tuairisc a thabhairt ag an gcruinniú ginearálta bliantúil agus go n-aithneofaí go hoifigiúil a gcuid oibre.



4

Gaol láidir comhoibritheach a chothú idir an Bord Bainistíochta, an Coiste Gaeilge agus Coiste na dTuismitheoirí mar a bhaineann le héiteas na Gaeilge a chur chun cinn. Níor mhór an t-ábhar ón dá choiste a chur ar fáil go dátheangach ar a laghad (nó i nGaeilge amháin más é sin polasaí na scoile).

3

Polasaí Labhairt na Gaeilge a bheith mar mhír sheasta ag gach cruinniú den Choiste Gaeilge agus de Choiste na dTuismitheoirí.

10


Iarrfar ar thuismitheoirí a bheith ag faire amach d'earráidí teanga agus bealach éigin a chruthú dóibh le tuairisciú ar ais don Choiste Gaeilge faoi na heasnaimh teanga a fheiceann siad agus na bealaí ar féidir leis an mbaile cabhrú leis an scoil – i spiorad na comhpháirtíochta.

6

Beifear ag súil leis go labhróidh na thuismitheoirí cibé Gaeilge atá acu leis na páistí taobh amuigh agus go mór-mhór taobh istigh de bhallaí na scoile. Ní mór cultúr a chothú ina bhfáiltítear roimh gach leibhéal Gaeilge.

7

Míneofar Polasaí Labhairt na Gaeilge do gach thuismitheoir/ caomhnóir sula dtagann a c(h)éad pháiste ar scoil agus beifear ag súil go dtabharfaidh siad tacaíocht don Pholasaí agus iad ina dtuismitheoirí nó ina gcaomhnóirí sa scoil.



9

Iarrfar ar thuismitheoirí/ chaomhnóirí (agus ar fheighlithe a oiread agus is féidir) Gaeilge a labhairt le chéile, leis na daltaí agus leis an bhfoireann de réir a n-acmhainne agus iad i dtimpeallacht na scoile nó ar ghnó scoile.

8

Déanfar thuismitheoirí a spreagadh chun ról a ghlacadh sa Choiste Gaeilge agus i gcur i bhfeidhm Polasaí Labhairt na Gaeilge.

Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-



Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.



Nod don eolach!

Tá bileoga eolais (go dátheangach / i nGaeilge amháin) faoin tumaideachas ar fáil ó Gaeloideachas? Tá siad an-úsáideach don oíche eolais le tuismitheoirí! Saor in aisce ag www.gaeloideachas.ie

